



| | | |
|--|---|---|
| <p>Preasráiteas Press Release</p> <p>13.03.2023</p> | <p>Tuilleadh eolais:</p> <p>gaeilgeiorrais@gmail.com</p> <p>097-29023</p> | <p>*Leagan Béarla ar lch. 3/ English summary on pg 3.</p> |
|--|---|---|

Club UISCE ag tosú arís i mí Márta don Óige i nGaeltacht Iorrais

Sna sála ar chúpla séasúr thar a bheith taitneamhach agus an dul chun cinn leanúnach, tá Gaeilge Iorrais ag leanúint leis an tacaíocht chun club eachtraí uisce lán-Ghaeilge a réachtáil i gColáiste UISCE d'óige na Gaeltachta seo. Cuirfear an club ar bun arís Dé Sathairn 25 Márta 2023. Beidh dhá Shatharn i gceist i dtosach (ag tosú Dé Sathairn 25 Márta 2023 agus ag leanúint ar aghaidh Dé Sathairn 22.04.2023, ag brath ar an aimsir). Tá dhá dháta eile sa dialann againn do mhí Bealtaine (Dé Sathairn 13.05.23 agus 27.05.23).

Tabharfar deiseanna agus spreagadh d'aos óg an cheantair chun an Ghaeilge a úsáid trí mheán an spóirt agus an spraoi agus i gcomhlúadar pháistí eile na Gaeltachta seo. Cuirfear béim faoi leith ar scileanna eachtraí uisce chomh maith le sábháilteacht ar an bhfarraige. Beidh an club lán-Ghaeilge seo ag freastal ar dhá ghrúpa faoi leith ó scoileanna Gaeltachta an limistéir seo (i) scoláirí ó bhunscoileanna Gaeltachta an limistéir (ó 8 – 13 d'aois) agus (ii) déagóirí le Gaeilge (scoláirí iarbhunscoile, ó 13 – 17 d'aois). Cuirfear líon an-teoranta spásanna ar fáil do pháistí eile le cumas agus suim sa Ghaeilge ó scoileanna eile an limistéir.

Seo mar a dúirt Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) faoin gclub seo;

Tá mar sprioc ag Gaeilge Iorrais borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i measc na ndaoine óga seo agus deiseanna sóisialaithe i nGaeilge a chur ar fáil dóibh. Beidh na himeachtaí seo saor in aisce ach tá spásanna teoranta. Caithfear clárú roimh ré agus cloí leis an bpolasaí Gaeilge a bheidh i bhfeidhm.

Agus muid ag súil le rannpháirtíocht a spreagadh agus úsáid na Gaeilge a mholadh, bronnfar teastas agus duais ar chuile pháiste a fhreastalaíonn ar an gceithre dháta thuasluaite as béal a chéile agus a dhéanann iarracht rialta leis an nGaeilge a úsáid.

Chuir Róisín Nic Grianna (UISCE) leis an méid sin;

Cuireann sé ríméad orainn i gColáiste UISCE obair i gcomhar le Gaeilge Iorrais agus club UISCE a reáchtáil i gcroílár Ghaeltacht Mhaigh Eo. Tá sé mar aidhm againn suíomh sábháilte taitneamhach a chruthú do dhaoine óga. Tabharfar deis dóibh a gcuid Gaeilge a úsáid ar bhealach taitneamhach idirghníomhach agus iad ag cur lena bhféinmhuinín agus lena scileanna eachtraí uisce. Tá súil againn freisin go dtapóidh cuid acu an deis post ceannaireachta nó teagascóireachta a ghlacadh linn amach anseo. Mol an óige agus tiocfaidh sí.

Más maith leat do chuid scileanna cumarsáide agus féinmhuiníne a fhorbairt trí mheán na Gaeilge, más maith leat cur le do CV agus deiseanna fostaíochta agus má tá fonn ort casadh le daoine óga eile a labhraíonn an Ghaeilge – bí i dteagmháil linn go beo! Líon an fhoirm um léiriú spéise ag <https://forms.gle/5mcN7VwMBa4ZWdjv7> chomh luath agus is feidir leat.

Club UISCE: Imeachtaí don Óige i nGaeltacht Iorrais

Gaeilge Iorrais in partnership with Coláiste UISCE is resuming their all-Irish water sports club for young people living in the Erris Gaeltacht area. Club UISCE will recommence on Saturday 25th of March 2023 and will continue on Saturday 22nd of April, depending on weather conditions. Two further dates are scheduled for May (13.05.23, 27.05.23). Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) outlined the overall aim of these activities;

We hope to create opportunities and incentives for local young people to practice and use their Irish in an enjoyable social setting and to increase Irish language use among these young people over time. In an effort to encourage regular participation and Irish language use, every child that attends the four consecutive dates and makes ongoing effort to use Irish, will be rewarded with a certificate and prize.

Róisín Nic Grianna (UISCE) added the following;

Coláiste UISCE is delighted to be working alongside Gaeilge Iorrais in continuing club UISCE in the heart of the Mayo Gaeltacht. We aim to create a safe and fun environment for students. This club is an opportunity for young people to use their Irish in a fun and interactive way while also developing and advancing their water sports confidence and skills. It might even inspire some members to become prefects and instructors giving them the opportunity for work with us in the future. Mol an óige agus tiocfaidh sí.

This all-Irish club will cater for two groups from Gaeltacht scheme schools in Erris (i) primary school Gaeltacht scheme students (aged 8 – 13) (ii) secondary school students undertaking some or all of their education trí mheán na Gaeilge (aged 13 – 17). This club will be free of charge but spaces are limited, based on an Irish language policy and you must register in advance.

If you would like to develop your communication skills as Gaeilge, build on your self-confidence, add to your CV and employment opportunities and if you would like to meet other young people that speak Irish, register your interest with us now. You can do so by completing the expression of interest form at <https://forms.gle/5mcN7VwMBa4ZWdjv7> asap. Places will only be confirmed at a later date, subject to conditions and availability.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·
Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon,
Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.